**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2020/2116(INI)**

18.1.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an bhFochoiste um Chearta an Duine

maidir le cosaint chearta an duine agus le beartas seachtrach imirce an Aontais (2020/2116(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Miguel Urbán Crespo

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an bhFochoiste um Chearta an Duine, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á athdhearbhú gur ceart daonna é an ceart chun dul ar imirce; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar bheartais forbartha agus dhaonnúla agus ar ionstraimí dlíthiúla gaolmhara chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le cearta bunúsacha an duine a chosaint do chách, lena n-áirítear imircigh, agus é mar aidhm leis éifeachtacht an chomhair um fhorbairt a mhéadú; á mheabhrú go bhforáiltear le Conarthaí AE go bhfuil an tAontas fothaithe ar an urraim do chearta an duine agus do dhínit an duine, agus, dá bhrí sin, go gcaithfidh beartas imirce AE a bheith bunaithe ar urraim do chearta an duine chun seasamh an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta agus inchreidteacht a bheartais eachtraigh a neartú;

2. á mheabhrú nach mór é a bheith mar phríomhchuspóir ag comhar an Aontais um fhorbairt deireadh a chur leis an mbochtaineacht, éagothromaíochtaí a laghdú agus an t-eisiamh a chomhrac, gan aon duine a fhágáil ar lár, daoine aonair a chumhachtú, an smacht reachta, an rialachas daonlathach agus cearta an duine a chur chun cinn, agus forbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach a fheabhsú, mar a leagtar síos in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; á áitiú go gcaithfidh comhar an Aontais um fhorbairt a bheith bunaithe ar chláir oibre forbartha na dtíortha comhpháirtíochta, ag cloí le cur chuige fadtéarmach atá bunaithe ar riachtanais agus ar chearta maidir leis an imirce, agus béim ar leith á leagan ar na daoine is leochailí;

3. á iarraidh ar AE a chúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) a oiriúnú chun dul i ngleic le bunchúiseanna na bochtaineachta agus beagní a dhéanamh de na dreasachtaí i leith na himirce neamhrialta agus i leith na gcúiseanna atá leis an easáitiú éigeantach trí phróisis dhaonlathacha agus dea-rialachas a fheabhsú, trí dheiseanna a chruthú do rannpháirtíocht na hóige agus don fhiontraíocht, chun comhionannas inscne a chur chun cinn, trí dhul i ngleic leis an athrú aeráide agus trí rochtain ar sheirbhísí a chur ar fáil; á áitiú go bhfuil tábhacht le beartais a dhearadh a bheidh saincheaptha do chúinsí áitiúla agus i gcomhpháirtíocht le gníomhaithe áitiúla;

4. á iarraidh ar AE a Chláir Chosanta um Fhorbairt Réigiúnach (RDPPanna) a neartú laistigh de chreat um chearta an duine agus forbairt acmhainní tríú tíortha a chothú, coinbhleachtaí a réiteach, cosaint agus meas ar chearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn; á iarraidh ar AE tíortha comhpháirtíochta a spreagadh agus cuidiú leo chun comhar níos fearr le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhaint amach, leis an tsochaí shibhialta agus le comhlachtaí agus eagraíochtaí réigiúnacha chun soghluaisteacht réigiúnach a éascú agus cur le húsáid acmhainní chun a áirithiú go gcaithfear le himircigh, le dídeanaithe agus le teifigh fillte le dínit agus i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

5. á mheabhrú go ndéantar foráil sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt do chur chuige comhordaithe, iomlánaíoch agus struchtúrtha maidir leis an imirce, mar thoradh ar a chineál trasearnálach, agus á mheas go bhfuil an imirce ar cheann de na príomhréimsí a bhfuil feidhm ag Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt (PCD) ina

leith; á iarraidh, i ndáil leis an méid sin, go mbeadh beartais um imirce sheachtrach a chomhlíonann PCD agus a ndéantar measúnú rialta orthu, lena gcuirtear le cosaint chearta an duine, le comhionannas agus le cumhachtú inscne, le díothú na bochtaineachta agus leis an bhforbairt dhaonna;

6. á athdhearbhú nach mór urraim do chearta daonna na n-imirceach a bheith lárnach i mbeartas nua imirce agus tearmainn an Aontais, agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di bainistiú teorainneacha agus rialú imirce an Aontais a sheachtrú; á áitiú nach mór do AE rialú teorann agus bainistiú imirce daonna agus sábháilte a dhéanamh;

7. á chreidiúint go bhféadfaí Comhaontú nua AE maidir le hImirce agus Tearmann a fheabhsú; á mheas gur cheart dínit dhaonna na ndídeanaithe agus na n-imirceach a bheith i gcroílár cur chuige nua a bheadh bunaithe ar phrionsabail na dlúthpháirtíochta agus na freagrachta comhroinnte, lena n-áirítear comhbheartais ghlactha agus córas athshuímh éigeantach, lena n-áiritheofar go n-urramófar go hiomlán cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta, an dlí maidir le dídeanaithe agus an dlí muirí;

8. á athdhearbhú gur tragóid ollmhór iad longbhriseadh agus bás na n-imirceach sa Mheánmhuir agus go bhfuil freagracht chomhroinnte orainn deireadh a chur léi; á mheabhrú gur oibleagáid dhlíthiúil faoin dlí idirnáisiúnta é tarrtháil ar muir, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 98 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, lena gceanglaítear go dtabharfar cúnamh d'aon duine atá i nguais ar muir; á chur i bhfáth go bhfuil gá le freagairt bhuan, láidir agus éifeachtach ón Aontas in oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ar muir, ar an gcéad dul síos trí mhisean tiomnaithe de chuid an Aontais, chun nach gcaillfear tuilleadh daoine i measc na n-imirceach atá ag iarraidh dul trasna na Meánmhara;

9. á mheabhrú, de réir mar a ghluaiseann formhór na n-imirceach laistigh dá réigiún agus dá mór-roinn tionscnaimh, gur cheart an tsoghluaisteacht idir-réigiúnach agus idir-roinne a éascú; á iarraidh ar Chomhpháirtíocht idir an Afraic agus an tAontas agus ar an gcomhaontú comhpháirtíochta ACC-AE a bheidh ann amach anseo tacú le soghluaisteacht idir-réigiúnach agus idir-roinne daoine i gcomhréir leis an gCairt um Chearta an Duine san Afraic agus le Prótacal an Aontais Afracaigh a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear Comhphobal Eacnamaíochta na hAfraice maidir le Saorghluaiseacht Daoine, Ceart Cónaithe agus Ceart Bunaíochta;

10. á áitiú go bhfuil gá le conairí daonnúla ó thíortha comharsanachta agus ó thíortha atá i mbéal forbartha isteach san Aontas; á iarraidh ar AE dul i ngleic le líonraí gáinneála ar dhaoine;

11. á iarraidh ar AE bealaí nua sábháilte dleathacha a fhorbairt d'imircigh agus feabhas a chur ar na bealaí atá ann cheana; á mheas gur cheart do AE iarracht a dhéanamh beartas imirce lucht saothair níos inbhuanaithe a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le tríú tíortha agus soghluaisteacht dhá threo shábháilte imirce a áirithiú, amhail chun críocha saothair agus acadúla;

12. á athdhearbhú nach féidir leithdháileadh chúnamh forbartha AE i gcomhpháirtíochtaí déthaobhacha nó iltaobhacha le tíortha atá i mbéal forbartha a bheith ag brath ar chomhar leis an Aontas maidir le beartais imirce, mar go mbainfeadh sé sin an bonn d'oibleagáid dhlíthiúil an Aontais maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt

agus faoin gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, chomh maith le príomhchuspóir ODA deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus go mbeadh sé ar neamhréir le prionsabal éifeachtacht na cabhrach maidir le húinéireacht na tíre; á áitiú nár cheart cúnamh forbartha a cheangal le beartais slándála seachtraí AE agus nach mór cur chuige níos comhordaithe, níos struchtúrtha agus níos iomlánaíche maidir leis an imirce a shainiú agus a chur chun feidhme go fóill agus cearta an duine á n-urramú go hiomlán, lena n-áirítear an ceart atá ag gach duine a thír thionscnaimh a fhágáil;

13. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an mhí-úsáid a bhaintear as cistí forbartha le haghaidh gníomhaíochtaí a mbíonn sárú ar chearta an duine i mbainistiú teorainneacha mar thoradh orthu; á chur in iúl gur saoth léi na sáruithe tuairiscithe ar chearta an duine a bhaineann le Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic (EUTF) sa Libia, san Aetóip, san Eiritré agus sa Nígir; á iarraidh go gcruthófaí sásraí láidre chun faireachán a dhéanamh ar thionchar EUTF ar chearta an duine, chomh maith le córas cuntasachta chun sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta a chosc agus chun déileáil leo; á chur in iúl gur saoth léi, leis an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le síneadh EUTF, nach bhfuil sé beartaithe aon fheabhas a chur ar an réimse sin; á athdhearbhú go bhfuil gá le himscrúdú críochnúil ar na sáruithe líomhnaithe ar chearta an duine, lena n-áirítear na sáruithe sin ar theorainneacha an Aontais; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, gur tugadh sásra faireacháin neamhspleách nua isteach sa Chomhaontú nua ón gCoimisiún um Imirce agus Tearmann;

14. á chur in iúl gur saoth léi an easpa trédhearcachta a bhaineann le EUTF agus an fíoras nach bhfuil baint ag an bParlaimint lena ghrinnscrúdú; á áitiú gur cheart go mbeadh rannpháirtíocht níos dlúithe ag tíortha comhpháirtíochta agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta; ag tathant ar an gCoimisiún a athbhreithniú cuimsitheach deiridh ar chur chun feidhme EUTF a thíolacadh chun a áirithiú go bhfuil sé i gcomhréir le cuspóirí forbartha, cuspóirí chearta an duine agus cuspóirí daonnúla an Aontais; á chur in iúl gurb oth léi gur iarr an Coimisiún síneadh a chur le EUTF in éagmais an athbhreithnithe sin agus nach bhfuil aon fhianaise ann, dá bhrí sin, lena léiriú ar measúnaíodh na cuspóirí sin agus ar baineadh amach iad mar is ceart; á iarraidh an athuair go mbeadh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach go hiomlán i maoirseacht agus rialachas Chistí Iontaobhais an Aontais; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfar faireachán ar ghníomhaíochtaí na gcoistí oibríochtúla freisin, agus á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh ionadaí ó Pharlaimint na hEorpa i láthair ag na coistí sin agus faisnéis mhionsonraithe a chur ar aghaidh maidir leis na cinntí a ghlacfar;

15. á athdhearbhú gur cheart buiséad na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) atá tiomnaithe don imirce a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce agus gan sreabha imirce a rialú nó bainistiú teorainneacha seachtracha a mhaoiniú; á chur in iúl gur cheart bearta a bheith in NDICI lena n-áiritheofar cuntasacht agus trédhearcacht sa chaiteachas agus cur chun feidhme tionscadal a bhaineann leis an imirce ionas go ndéanfar faireachán agus caomhnú ar an sprioc acu chun dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce;

16. á mheas gur cheart go n-áiritheofaí le haon chomhaontú AE le tíortha tionscnaimh agus idirthurais cosaint iomlán shaol an duine, dhínit an duine agus chearta an duine; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di nach n-urramaítear na ráthaíochtaí sin go hiomlán i gcónaí agus gur minic a bhíonn dálaí mídhaonnachtúla aistrithe agus coinneála i ndán

d'imircigh agus do dhídeanaithe; á mheabhrú go háirithe an staid do-ghlactha in ionaid choinneála sa Libia, ina gcuirtear na mílte duine go córasach faoi choinneáil threallach faoi dhálaí mídhaonnachtúla, faoi chéasadh agus faoi mhí-úsáid eile, lena n-áirítear éigniú, marú treallach agus dúshaothrú;

17. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na clásail um athligean isteach a áirítear i roinnt comhaontuithe comhpháirtíochta agus comhair atá ceangailteach ó thaobh dlí le tríú tíortha, go háirithe in éagmais forálacha atá i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine; á iarraidh ar AE a dhícheall a dhéanamh chun comhaontuithe foirmiúla a bhaint amach le tíortha comhpháirtíochta maidir le soghluaisteacht imirce, filleadh agus athligean isteach i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe (Coinbhinsiún na Ginéive); á áitiú go bhfuil tábhacht le rannpháirtíocht ghníomhach Pharlaimint na hEorpa i bhforbairt na gcomhaontuithe sin agus na gcomhaontuithe atá ann cheana; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh comhaontuithe comhpháirtíochta amach anseo faoi réir grinnscrúdú parlaiminteach agus bunaithe ar phrionsabail na dlúthpháirtíochta, na freagrachta comhroinnte, na hurraime do chearta an duine, an smachta reachta agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta;

18. á áitiú gur cheart imircigh a chur ar ais ar bhonn deonach go príomha agus nach mór gach filleadh a dhéanamh faoi choinníollacha sábháilte, agus cearta bunúsacha agus cearta nós imeachta na n-imirceach lena mbaineann á n-urramú go hiomlán agus sa chás sin amháin go meastar go bhfuil an tír a bhfuil siad le cur ar ais chuici sábháilte; á mheas gur dearfach an cleachtas é an filleadh deonach cuidithe trína dtugtar cúnamh d'imircigh ar mian leo filleadh ar a dtír thionscnaimh ag gach céim den phróiseas; á iarraidh ar na Ballstáit urraim iomlán a thabhairt do phrionsabal an *non-refoulement* agus coimircí nós imeachta leormhaithe a thabhairt isteach ina nósanna imeachta tearmainn agus teorann;

19. á chur i bhfios go láidir gur cheart riachtanais agus cearta na ndaoine atá i gcásanna leochaileacha a chur san áireamh go cuí, lena n-áirítear riachtanais agus cearta mionaoiseach neamhthionlactha, daoine faoi mhíchumas, mná agus leanaí, agus á iarraidh go gcuirfí cineálacha leormhaithe cosanta agus dídine ar fáil dóibh;

20. á chur i bhfáth go bhfuil tosaíocht an phrionsabail chun leas an linbh i ngach gné a bhaineann le leanaí agus á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach nósanna imeachta sonracha a chur i bhfeidhm chun cosaint gach linbh a áirithiú, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh;

21. ag tabhairt chun suntais na ndeacrachtaí ar leith a bhíonn ag mná ar a gcosán ascnaimh agus á iarraidh, dá bhrí sin, go mbunófaí agus go neartófaí córais chosanta do mhná imirceacha lena ndéanfaí an foréigean, mí-úsáid, faillí agus dúshaothrú a dhéantar orthu a chosc agus a chomhrac.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 14.1.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | 12<br>–: 9<br>0 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Udo Bullmann, Catherine Chabaud, Ryszard Czarnecki, Gianna Gancia, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Pierfrancesco Majorino, Erik Marquardt, Norbert Neuser, Janina Ochojska, Jan-Christoph Oetjen, Michèle Rivasi, Christian Sagartz, Marc Tarabella, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 12 | + |
|---|---|
| S&D | Udo BULLMANN, Mónica Silvana GONZÁLEZ, Pierfrancesco MAJORINO, Norbert NEUSER |
| RENEW | Barry ANDREWS, Catherine CHABAUD, Charles GOERENS, Jan-Christoph OETJEN |
| VERTS/ALE | Pierrette HERZBERGER-FOFANA, Erik MARQUARDT, Michèle RIVAS |
| THE LEFT | Miguel URBÁN CRESPO |

| 9 | - |
|---|---|
| EPP | Anna-Michelle ASIMAKOPOULOU, Hildegard BENTELE, György HÖLVÉNYI, Rasa JUKNEVIČIENĖ, Tomas TOBÉ |
| ID | Dominique BILDE, Gianna GANCIA, Bernhard ZIMNIOK |
| ECR | Ryszard CZARNECKI |

| 2 | 0 |
|---|---|
| EPP | Janina OCHOJSKA, Christian SAGARTZ |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
: i gcoinne
0 : staonadh